



An Bhruiséil, 12 Feabhra 2026  
(OR. en)

6307/26

ENV 123  
SAN 83

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Feabhra 2026
chuíg:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 68 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN ar thaithí na mBallstáit ar Threoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe sa tréimhse 2022 – 2024

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 68 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 68 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 11.2.2026  
COM(2026) 68 final

## **TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**ar thaithí na mBallstáit ar Threoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid shrianta miocrorgánach  
géinmhodhnaithe sa tréimhse 2022 – 2024**

## **Clár Ábhar**

RÉAMHRÁ.....	2
CUID I: CUR CHUN FEIDHME GINEARÁLTA NA TREORACH .....	4
1. Córais fógartha agus formheasa (agus athruithe ábhartha) .....	4
2. Diúscairt dramhaíola .....	5
3. Saincheisteanna iniúchta agus forfheidhmithe .....	6
4. Tionóiscí.....	7
5. Faisnéis phoiblí agus comhairliúchán poiblí .....	8
6. Léirmhíniú na Treorach.....	9
7. Forbhreathnú ar úsáidí srianta .....	10
CUID II: TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE IMSCRÚDAITHEACHA INA BHFUIL MOGManna NÓ ATÁ COMHDHÉANTA DÍOBH.....	11
CUID III: ÚSÁID SRIANTA OGManna NACH MOGManna IAD.....	12
CONCLÚIDÍ.....	13

## Tuarascáil ar thaithí na mBallstáit ar Threoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe sa tréimhse 2022 – 2024

An fhaisnéis atá sa doiciméad seo, is faisnéis í atá tiomsaithe ag an gCoimisiún ó thuarascálacha aonair arna dtíolacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe<sup>1</sup> (MOGManna).

### RÉAMHRÁ

Foráiltear le Treoir 2009/41/CE ('an Treoir') go seolfaidh na Ballstáit tuarascáil achomair chuig an gCoimisiún gach 3 bliana maidir lena dtaithí ar an Treoir<sup>2</sup> agus go bhfoilseoidh an Coimisiún achoimre bunaithe ar na tuarascálacha sin<sup>3</sup>. Go dtí seo, tá sé thuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún de bhun na Treorach nó de bhun Threoir 90/219/CEE ón gComhairle<sup>4</sup> a bhí ann roimhe seo, maidir leis na tréimhsí 1999-2003, 2003-2006, 2006-2009, 2009-2014 agus 2014-2018 agus 2029-2021<sup>5</sup>.

Cumhdaítear sa tuarascáil seo an tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go mí na Nollag 2024 agus tá sí bunaithe ar thuarascálacha aonair ó 27 mBallstát agus ó dhá Stát CSTE LEE<sup>6</sup>.

Tá na tuarascálacha náisiúnta bunaithe ar cheistneoir a d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin maidir le taithí na mBallstát ar chur chun feidhme ginearálta na Treorach, lena n-áirítear a gcórais fógartha agus formheasa, a ngníomhaíochtaí iniúchta agus forfheidhmithe, a mbearta diúscairthe dramhaíola, tionóiscí, comhairliúcháin poiblí agus forléargas ar úsáidí srianta le haghaidh MOGManna a údaraítear ina gcéiríochta.

Ní rialaítear leis an Treoir úsáid shrianta orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) nach MOGManna iad, i.e. plandaí agus ainmhithe géinmhodhnaithe. Mar sin féin, le Treoir 2001/18/CE maidir le OGManna a scaoileadh amach sa chomhshaol d'aon ghnó<sup>7</sup>, foráiltear, i gcásanna áirithe, go bhfuil prionsabail an tsrianta a leagtar amach i dTreoir 2009/41/CE ábhartha freisin maidir le OGManna eile. Is amhlaidh atá i gcás ina gcuirtear OGManna nach MOGManna iad ar fáil do thríú páirtithe *'lena n-úsáid go heisiach le haghaidh gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear bearta imshrianta diana iomchuí chun an teagmháil a bhíonn acu leis an bpobal i gcoitinne agus leis an gcomhshaol a theorannú agus chun ardleibhéal sábháilteachta a chur ar fáil dóibh'* (Airteagal 2(4), an dara fómhír, an dara fleasc). Sna cásanna sin, de réir na forála céanna, *'ba cheart na bearta a bheith bunaithe ar na prionsabail imshrianta chéanna a leagtar*

<sup>1</sup>Treoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe (IO L 125, 21.5.2009, lch. 75).

<sup>2</sup> Airteagal 17(2).

<sup>3</sup> Airteagal 17(3).

<sup>4</sup> Treoir 90/219/CEE ón gComhairle an 23 Aibreán 1990 maidir le húsáid shrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe (IO L 117, 8.5.1990, lch. 1).

<sup>5</sup>Tá na tuarascálacha le fáil ar [leathanach gréasáin seo an Choimisiúin Eorpaigh](#)

<sup>6</sup> In Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE (ina liostaítear, i measc nithe eile, reachtaíocht OGM an Aontais is infheidhme faoin gComhaontú sin), déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas – *'chun críocha na hIarscríbhíne seo agus d'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1, leis an téarma 'Ballstát/na Ballstáit' atá sna gníomhartha dá dtagraítear, tuigfead go gcuimsítear an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua sa bhreis ar an mbrí atá leis sna gníomhartha ábhartha de chuid CE'*. Dá bhrí sin, in aon tagairt do 'na Ballstáit' sa doiciméad seo, cuimsítear Stáit CSTE LEE a thug freagra ar an gceistneoir (an Íoslainn agus an Iorua).

<sup>7</sup> Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol d'aon ghnó agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

*síos i dTreoir 90/219/CEE*. Mura gcomhlíontar prionsabail imshrianta Threoir 2009/41/CE, nuair a aistrítear OGM chuig tríú páirtí is ‘cur ar an margadh’ atá ann de réir bhrí Airteagal 2(4) de Threoir 2001/18/CE agus tá sé faoi réir cheanglais na Treorach sin.

I roinnt Ballstát, rialáiltear úsáid shrianta OGManna leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha chomh maith. Dá bhrí sin, leathnaigh an Coimisiún raon feidhme a cheistneora chun go mbeadh na Ballstáit in ann a dtaithí a roinnt maidir le húsáid shrianta na n-orgánach sin a rialáil ar an leibhéal náisiúnta.

Sa tuarascáil, díritear ar athruithe le hais tuarascálacha roimhe seo agus cuirtear i dtábhacht inti saincheisteanna nua agus dúshláin cur chun feidhme nua a tharraing na Ballstáit anuas, agus an chaoi ar tugadh aghaidh orthu.

***Séanadh: Tá an fhaisnéis atá sa tuarascáil seo agus a bhaineann leis na Ballstáit bunaithe ar thuarascálacha aonair na mBallstát.***

***Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar a cheann freagrach as ábhar na faisnéise sin ná as aon úsáid a bhaintear aisti.***

***Ní fhoilsítear na tuarascálacha aonair a thíolacann na Ballstáit agus ní úsáidtear iad ach mar bhonn don tuarascáil achomair ón gCoimisiún.***

# CUID I: CUR CHUN FEIDHME GINEARÁLTA NA TREORACH

## 1. Córais fógartha agus formheasa (agus athruithe ábhartha)

De réir Airteagail 6 go 9 den Treoir, aon duine a bhfuil sé beartaithe aige áitreabh a úsáid den chéad uair le haghaidh úsáid shrianta MOGManna, ní mór dó fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla náisiúnta faoi na húsáidí atá beartaithe aige dóibh, agus sonraí a sholáthar maidir leis na MOGManna, na háitribh, na bearta cosanta, agus an measúnú riosca. I gcás úsáidí srianta aicmí 2, 3 agus 4, ní mór réamhthoilú a fháil: aicme 2 roimh an gcéad úsáid amháin, ach i gcás aicmí 3 agus 4, éilítear toiliú roimh an gcéad úsáid agus úsáidí ina dhiaidh sin.

Níor tuairiscíodh aon mhóráthru maidir leis an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear an Treoir chun feidhme ó bhí an tréimhse thuairisciúcháin roimhe sin ann.

Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát roinnt athchóirithe chun feidhme arbh é b'aidhm dóibh éifeachtúlacht a fheabhsú nó digitiú a mhéadú, nó údaráis inniúla agus próisis athstruchtúraithe:

- Rinne an Fhrainc cuíchóiriú ar na rialacha a bhaineann leis na húsáidí lena mbaineann rioscaí diomaibhseacha agus, ó mhí an Mheithimh 2022 ar aghaidh, tá údarás inniúil nua<sup>8</sup> ann a dhéanann maoirseacht ar fhógraí maidir le húsáid shrianta MOGManna i gcomhthéacs trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte imscrúdaitheacha trí úsáid a bhaint as ardán tiomnaithe ar líne;
- Chuir an Íoslainn an Ghníomhaireacht Chomhshaoil agus Fuinnimh nuabhunaithe in ionad an údaráis inniúil a bhí ann roimhe seo;
- Chuir an Iodáil feabhas ar a córas fógartha le hardán digiteach chun fógraí a bhainistiú agus d'fhorbair sí uirlis líonraithe chun taighdeoirí, oifigigh sábháilteachta agus institiúidí a oiliúint agus a nascadh agus chun scileanna a fheabhsú agus comhlíonadh na Treorach a fheabhsú<sup>9</sup>;
- D'fhorbair an Chipir córas fógartha rúnda nua lena gceanglaítear fógraí a chur isteach anois trí fhormaid chaighdeánaithe agus táillí iarratais a íoc;
- D'athraigh an Liotuáin an t-údarás inniúil. Ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh, is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Aireacht Chomhshaoil a dhéanann maoirseacht ar fhógraí agus ar údaruithe maidir le húsáid shrianta OGManna agus MOGManna;
- Rinne an Ungáir a húdarás inniúil a athstruchtúru, trí dhá institiúid a chumasc<sup>10</sup>, agus thug sí isteach córas nua ina n-úsáidtear foirmeacha iarratais agus measúnaithe riosca le haghaidh gníomhaíochtaí úsáide srianta agus ina dtugtar treoraíocht d'úsáideoirí<sup>11</sup>;
- Sheol an Iorua tairseach nua ghréasánbhunaithe le haghaidh fógraí maidir le MOGManna in 2024, lena bhfeabhsaítear eispéireas an úsáideora agus lena gcumasaítear inrianaitheacht níos fearr iarratas agus formheasanna saoráidí<sup>12</sup>;

<sup>8</sup> Agence nationale de sécurité du médicament et des produits de santé (ANSM).

<sup>9</sup> [www.biotechsafety.org](http://www.biotechsafety.org)

<sup>10</sup> Rinneadh an Institiúid Náisiúnta Cógaisíochta agus Cothaithe (OGYÉI) a chumasc leis an Lárionad Náisiúnta um Shláinte Phoiblí agus Cógaisíocht (NNGYK).

<sup>11</sup> Tá foirmeacha agus treoraíocht ar fáil ag [gmo.kormany.hu](http://gmo.kormany.hu)

<sup>12</sup> <https://gmo.helsedirektoratet.no/>

- Rinne an tSlóivéin a húdarás inniúil agus a cigireacht a athainmniú, rud a léiríonn athruithe struchtúracha i ranna rialtais. Tháinig an Aireacht Chomhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh in ionad na hiar-Aireachta Comhshaoil agus Pleanála Spáis;
- Thug an tSualainn córas nua isteach lena gceanglaítear fógraí a sholáthar le haghaidh aicmí 3 agus 4 trí phost cláraithe slán.

<sup>13</sup>Thuairiscigh roinnt Ballstát **dúshláin** amhail moilleanna ar fhógraí a phróiseáil laistigh den tréimhse ama reachtúil mar gheall ar thearclíon foirne agus ualach oibre méadaithe, ualaí riaracháin, bonneagar digiteach teoranta, deacrachtaí maidir le fógraí a láimhseáil i gcás saotharlanna soghluaiste agus méadú ar iarratais ar tháirgí bithchógaisíochta a bhaineann le MOGManna.

## **2. Diúscairt dramhaíola**

Maidir le húsáid shrianta MOGManna, ceanglaítear le hAirteagal 5(1) den Treoir go gcuirfear i bhfeidhm bearta imshrianta iomchuí agus bearta cosanta eile a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir a chomhfhreagraíonn d'aicme na húsáide srianta, lena n-áirítear bearta diúscartha dramhaíola.

I ndáil leis sin, níor thuairiscigh formhór na mBallstát athruithe ná dúshláin shuntasacha a bhain le bainistiú diúscartha dramhaíola le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

Thuairiscigh roinnt Ballstát forbairtí sonracha:

- Thuairiscigh an Bheilg gur glacadh reachtaíocht dramhaíola nua. Ghlac Réigiún Príomhchathrach na Bruiséile<sup>14</sup> agus Réigiún na Vallúine creat chun rialacháin a chuíchóiriú agus spriocanna an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn. Tá modhanna díghníomhachtaithe malartacha á dtástáil ag an dá réigiún, lena n-áirítear teicneolaíocht mhicreathonnach agus mionghearradh le steiriliú. Rinneadh tástáil ar loscadh iarmhar coipthe freisin agus tuairiscíodh go raibh sé costasach agus neamhéifeachtúil, agus tá díleá anaeróbach faoi bhreathnú mar dhiúscairt dramhaíola inbhuanaithe i gcás dramhaíl a mbaineann riosca íseal léi, ag brath ar bhailíochtú ar an láthair.
- Níor thug an Ghearmáin aon athrú mór dá haire ach chuir sí i dtábhacht dúshláin theicniúla. Áiríodh ar na dúshláin sin an gá atá le huathchláibh fholúschumasaithe, maitrísí casta dramhaíola a bhailíochtú agus bith-tháscaire a úsáid le haghaidh toitriú sárocsaíde hidrigine. Spreag cás amháin de mhíbhainistiú dramhaíola MOGManna oiliúint agus lipéadú feabhsaithe. Tá iarrataí ó oibreoirí ar liosta atá ar fáil go poiblí de roghanna malartacha díghníomhachtaithe bailíochtaithe ar an uathchlábhú.
- Chuir an Ungáir in iúl go bhfuil ranna at tiomnaithe do bhainistiú dramhaíola ar a foirmeacha iarratais nua le haghaidh gníomhaíochtaí úsáide srianta. Ní mór d'úsáideoirí tuairisc a thabhairt ar chineál agus ar fhoirm na dramhaíola atá le giniúint, ar a cóireáil, ar a foirm dheiridh, agus ar a ceann scríbe. Ní mór caitheamh le dramhaíl ina bhfuil MOGManna mar dhramhaíl ghuaiseach, í a uathchlábhú ar an láthair, agus a iompar chuig cuideachta diúscartha údaraithe. Ní mór cóip den chonradh iompair a chur faoi bhráid an údarais inniúil freisin.
- Thuairiscigh an Ostair iarrataí leanúnacha ó úsáideoirí ar theicneolaíocht mhicreathonnach a úsáid mar rogha mhalartach ar uathchlábhú chun MOGManna a dhíghníomhachtú, go príomha i ngníomhaíochtaí úsáide srianta lena mbaineann rioscaí diomaibhseacha nó ísle. Ba é tuairim Choiste Eolaíoch na hOstaire um Obair le OGM

<sup>13</sup>An Bheilg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Ungáir, an Fhionlainn agus an tSualainn.

<sup>14</sup> BRUDALEX 2.0.

in Úsáid Choimeáda go raibh an modh sin mí-oiriúnach do dhramhaíl ardriosca, vísir imchlúdaithe agus buntuaslagáin víreas, agus ar an mbonn sin mhol na húdaráis inniúla leanúint den uathchlábhú a úsáid agus d'iarr siad treoirlínte chun roghanna malartacha air sin a bhailíochtú.

- Thuairiscigh an Fhionlainn laghdú ar úsáid uathchlábhaithe mar gheall ar an gcostas agus an inní faoi phriacail cheirde, mar aon le laghdú ar infhaighteacht díghalrán éifeachtach a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais. Dá thoradh sin, tá méadú tagtha ar loscadh dramhaíola. Mhol an t-údarás inniúil d'úsáideoirí modhanna díghníomhachtaithe malartacha a fhiosrú agus tá comhairle chás-sonrach á cur ar fáil aige.

### **3. Saincheisteanna iniúchta agus forfheidhmithe**

De réir Airteagail 10 agus 16 den Treoir, ní mór d'údarás inniúla na mBallstát cigireachtaí agus bearta forfheidhmiúcháin eile a eagrú chun comhlíonadh a áirithiú.

Níor thuairiscigh formhór na mBallstát aon athrú ar a ngníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe.

Chuir roinnt Ballstát faisnéis ar fáil maidir le feabhsuithe ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe agus rialaithe le linn na tréimhse tuairisciúcháin:

- Thuairiscigh an Bheilg cleachtais réigiún-sonrach, agus mhéadaigh Réigiún na Vallúine an comhar le saineolaithe eolaíocha ar mhaithe le cigireachtaí níos doimhne;
- Chuir an tSeicia cigireachtaí caighdeánacha ar an láthair i bhfeidhm arís tar éis di a bheith ag brath go sealadach ar chianrialuithe le linn phaindéim COVID-19;
- Thug Éire dá haire méadú faoi thrí ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin, tréimhse a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 uirthi;
- Chuir an Fhrainc feabhas ar a hacmhainneacht trí 'chigirí faoi mhionn' a cheapadh, a dhéanann cigireachtaí míosúla anois;
- Chuir an Iodáil feabhas ar a córas cigireachta trí nósanna imeachta a bhailíochtú trí ghníomhaíochtaí ionsamhlaithe, trí chigirí a cheapadh agus a oiliúint, agus trí na nósanna imeachta bailíochtaithe sin a chomhroinnt laistigh den Tionscadal Forfheidhmiúcháin Eorpach maidir le OGManna<sup>15</sup>;
- Thug an Chipir isteach cur chuige cigireachta rioscabhunaithe a bhí dírithe ar shaoráidí ardriosca amhail ollscoileanna agus saotharlanna, mar aon le gníomhaíochtaí tuairiscithe agus leantacha feabhsaithe.

Na saincheisteanna is minice a thuairiscigh roinnt Ballstát agus a tháinig chun cinn le linn iniúchtaí, bhain siad le heasnaimh sna nithe seo a leanas:

- Doiciméadacht agus nósanna imeachta riaracháin<sup>16</sup>

Shainnadh na Ballstáit doiciméadacht bhithshábháilteachta a bhí in easnamh nó as dáta, taifid neamhiomlána ar MOGManna, fógraí faoi athruithe nár tugadh (e.g. áitreabh nua,

---

<sup>15</sup> Is líonra rialtóirí é an Tionscadal Forfheidhmiúcháin Eorpach maidir le OGManna atá comhdhéanta de chigireachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh (agus níos faide i gcéin) atá freagrach as cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le OGManna. Bunaíodh an líonra in 1997.

<sup>16</sup> An tSeicia, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Ostair, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an Fhionlainn.

oifigeach bithshábháilteachta nua), easpa iniúchtaí inmheánacha, measúnuithe riosca neamhleora nó doiléire.

- Bearta bonneagair agus bithshábháilteachta<sup>17</sup>

Tugadh roinnt easnaimh fhisiceacha agus nós imeachta faoi deara, amhail trealamh atá as dáta nó nach ndearnadh cothabháil leormhaith air, úsáid mhíchuí caibinéad bithshábháilteachta agus córais bainistithe dramhaíola neamhiomlána.

- Fógra agus formheas<sup>18</sup>

Thuairiscigh na Ballstáit saincheisteanna amhail tús a chur le húsáid MOGManna gan fógra a thabhairt roimh ré, úsáid a bhaint as saoráidí nár formheasadh don leibhéal imshrianta is gá nó fógraí moillithe a thabhairt d'údaráis maidir le haon athrú ar úsáidí.

- Cleachtais iniúchta agus forfheidhmithe<sup>19</sup>

Thuairiscigh roinnt Ballstát éagsúlachtaí i minicíocht na gcigireachtaí, go háirithe tar éis coigeartuithe a rinneadh le linn phaindéim COVID-19. Mar sin féin, tá nósanna imeachta tráthrialta athbhunaithe ag formhór na mBallstát ó shin agus tá feabhas curtha ar a bprótacail chigireachta i gcás inar gá.

- Acmhainní, oiliúint agus maoirseacht ar phearsanra<sup>20</sup>

I gcásanna áirithe, léirigh cigireachtaí go raibh easpa taifid oiliúna nó cláir oiliúna, deimhnithe in easnamh nó freagrachtaí doiléire i measc na foirne. Thug roinnt Ballstát<sup>21</sup> dá n-aire go raibh dúshlán ann maidir le saineolas tiomnaithe bithshábháilteachta a choinneáil sna húdaráis inniúla mar gheall ar acmhainní teoranta.

Thuairiscigh na Ballstáit gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh tar éis cigireachtaí. I gcás inar sainaitníodh neamhchomhlíonadh, cuireadh bearta amhail tuarascálacha, rabhaidh nó fineálacha i bhfeidhm, agus rinne úsáideoirí na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a d'iarr na húdaráis a chur chun feidhme de ghnáth laistigh den tréimhse ama a tugadh, rud a fíoraíodh trí chigireachtaí leantacha. Sainaitníodh raon saincheisteanna beaga le linn cigireachtaí ach mar sin féin, níor measadh iad a bheith criticiúil, agus réitíodh iad de ghnáth le linn na gcigireachtaí nó go gairid ina ndiaidh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol a sheachaint.

Na srianta a bhain leis an saineolas bithshábháilteachta a bhí ar fáil sna húdaráis inniúla, maolaíodh iad trí thionscnaimh oiliúna, trí chomhar idirghníomhaireachta agus trí iarrachtaí fothaithe acmhainneachta.

#### **4. Tionóiscí**

De réir Airteagail 14 agus 15 den Treoir, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás tionóisce, go gceanglófar ar an úsáideoir an t-údarás inniúil a chur ar an eolas láithreach agus faisnéis shonrach a sholáthar maidir leis an tionóisc, na

---

<sup>17</sup> An Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ísiltír, an Iorua agus an Ostair.

<sup>18</sup> An Fhrainc, an Iodáil, an Iorua agus an Ostair.

<sup>19</sup> An tSeicia, Éire agus an tSualainn.

<sup>20</sup> An Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, agus an Fhionlainn.

<sup>21</sup> An Fhrainc agus Lucsamburg.

MOGManna lena mbaineann, an fhaisnéis ba ghá chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol agus na bearta a rinneadh.

Níor tuairiscíodh aon tionóisc (de réir an tsainmhínte ar ‘tionóisc’ in Airteagal 2(d) den Treoir<sup>22</sup>).

I roinnt Ballstát<sup>23</sup>, chuir na húdaráis inniúla critéir ar fáil chun é a chur ar a gcumas d’úsáideoirí measúnú a dhéanamh i dtaobh scaoileadh a bheith suntasach nó gan bheith suntasach, bunaithe ar thosca amhail cineál agus cainníocht na MOGManna a scaoileadh, an ghuais a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis do shláinte an duine nó don chomhshaol agus leibhéal a n-imshrianta.

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>24</sup> teagmhais nár shroich an tairseach chun go n-aicmeofaí iad mar scaoileadh suntasach. I measc na dteagmhais sin bhí gearradh cumhachta, mí-aicmiú dramhaíola, mionsceitheadh, teipeanna trealaimh agus mionearráidí saotharlainne, ar nithe iad ar fad ar mheas na húdaráis inniúla nach raibh rioscaí suntasacha ag baint leo don tsláinte ná don chomhshaol.

I bhformhór na gcásanna, braitheann na húdaráis náisiúnta ar mheastóireachtaí cás ar chás na n-oifigeach bithshábháilteachta chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht na scaoilí MOGManna, seachas critéir sheasta a chur i bhfeidhm.

## **5. Faisnéis phoiblí agus comhairliúchán poiblí**

De réir Airteagal 12 den Treoir, féadfaidh na Ballstáit dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le gnéithe áirithe den úsáid shrianta atá beartaithe, má mheasann siad gurb iomchuí comhairliúchán den sórt sin a dhéanamh, agus na ceanglais rúndachta a leagtar amach in Airteagal 18 á gcur i bhfeidhm an tráth céanna.

Sa chomhthéacs sin, níor thuairiscigh formhór na mBallstát aon athrú ar sholáthar faisnéise don phobal maidir le húsáidí srianta MOGManna ó bhí an tréimhse thuairisciúcháin roimhe sin ann.

Thuairiscigh an Bheilg athruithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil go poiblí a mhéid a bhaineann le ceadanna le haghaidh gníomhaíochtaí úsáide srianta, arbh é b’aidhm dóibh cosc a chur ar mhí-úsáid faisnéise a d’fhéadfadh a bheith ann ar chúiseanna bithshláindála, gan dochar do cheanglais Airteagal 18 den Treoir.

Na comhairliúcháin phoiblí a tuairiscíodh, bhain siad le húsáidí srianta aicme 3 agus aicme 4. Thuairiscigh an Bheilg agus Éire go bhfuair siad ionchur ón bpobal, ar tugadh aghaidh air le linn an phróisis athbhreithnithe. Thuairiscigh an Bheilg ábhair inní a chuir an pobal in iúl maidir le cur i gcoinne turgnamh ar ainmhithe agus maidir le rioscaí bitheolaíocha a bhraitear a bheith ann do dhaoine agus d’ainmhithe ina gcónaí sa chomharsanacht. Thuairiscigh Ballstáit eile<sup>25</sup> a rinne comhairliúcháin phoiblí nach bhfuarthas aon bharúil.

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>26</sup> nár reáchtáladh aon chomhairliúchán poiblí le linn na tréimhse tuairiscithe, go minic toisc gur bhain na fógraí le gníomhaíochtaí aicme riosca níos ísle.

---

Ciallaíonn <sup>22</sup> ‘tionóisc’ aon teagmhais lena mbaineann scaoileadh suntasach neamhbheartaithe MOGManna le linn a n-úsáide srianta a d’fhéadfadh a bheith ina ghuais láithreach nó ina ghuais mhoillithe do shláinte an duine nó don chomhshaol.

<sup>23</sup> An tSeicia, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír agus an Fhionlainn.

<sup>24</sup> An Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an Ísiltír, agus an Fhionlainn.

<sup>25</sup> An Ghearmáin, an Íoslainn, an Spáinn, an Ungáir, an Rómáin agus an tSlóvaic.

<sup>26</sup> An Bhulgáir, an tSeicia, an Iorua, an Phortaingéil agus an Fhionlainn.

Bhí roinnt Ballstát<sup>27</sup> ann nár chuir faisnéis ar fáil maidir le comhairliúcháin phoiblí.

## 6. Léirmhíniú na Treorach

Bhí naoi mBallstát<sup>28</sup> ann nár thuairiscigh aon dúshlán sonrath maidir le léirmhíniú na Treorach.

Os a choinne sin, shainaithin seacht mBallstát<sup>29</sup> deacrachtaí maidir leis an Treoir a léirmhíniú agus a chur chun feidhme, go háirithe mar gheall ar dhul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch amhail teicnící géanómaíocha nua, féin-chlónáil agus córais seachadta núíosacha amhail cáithníní atá cosúil le víreas agus nanacháithníní lipide.

Thug na Ballstáit sin dá n-aire, tar éis iarratais níos casta a fháil, go bhfuil dúshlán ann maidir leis na sainmhínte ar OGManna/MOGManna a léirmhíniú agus stádas dlíthiúil orgánach a chinneadh. Chuir roinnt údarais inniúla in iúl go mbeadh sé fiúntach na saincheisteanna sin a phlé ag an gCoiste Rialála arna bhunú leis an Treoir, agus aird á tabhairt ar threoraíocht a sholáthar lena dtacófaí le cur chuige comhchuibhithe.

Ardaíodh na deacrachtaí seo a leanas go háirithe:

- Thuairiscigh an Danmhairg deacrachtaí maidir leis an Treoir a chur i bhfeidhm i roinnt cásanna a bhaineann le riar táirgí íocshláinte ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh i dtithe othar agus thug sí dá haire a thábhachtaí atá sé cur chuige coiteann rialála a shuí ar fud na mBallstát chun neamhréireachtaí trasteorann a sheachaint;
- Thuairiscigh an Ghearmáin aiseolas ó údarais inniúla roinnt stáit fheidearálacha maidir le héiginnteachtaí faoi léirmhíniú an tsainmhínte ar OGM agus faoi infheidhmeacht an léirmhínte i dtaca leis an díolúine maidir le só-ghineas i dTreoir 2001/18/CE a rinne an Chúirt Bhreithiúnais in 2018<sup>30</sup> ar an Treoir, rud a d'fhág, i gcásanna áirithe, go raibh léirmhínte éagsúla ann i measc stáit fheidearálacha;
- Thagair an Chróit agus an Iodáil don chastacht a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir úsáid shrianta agus scaoileadh d'aon ghnó a mhéid a bhaineann le trialacha cliniciúla le OGManna/MOGManna, agus chuir an Iodáil i dtábhacht go gcruthaítear deacrachtaí do na húdarais inniúla, do chuideachtaí agus d'úsáideoirí ós rud é go bhfuil léirmhínte agus cineálacha cur chuige éagsúla ann;
- Thuairiscigh an tSualainn éiginnteacht maidir le conas ceanglais a chur i bhfeidhm maidir le MOGManna a úsáidtear i saotharlanna soghluaiste nó sealadacha a bhfuil suíomhanna athraitheacha acu.

Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí thuasluaite, chuir roinnt Ballstát réitigh éagsúla chun feidhme, lena n-áirítear comhairliúcháin inmheánacha le saineolaithe<sup>31</sup>, treoraíocht náisiúnta nuashonraithe maidir le teicnící géanómaíocha nua<sup>32</sup>, ionchur eolaíoch feabhsaithe agus comhordú idir údarais inniúla (an Spáinn).

Chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le léirmhíniú na sainmhínte ar OGManna/MOGManna, bhunaigh an Ísiltír grúpa *ad hoc* de shaineolaithe náisiúnta le tacaíocht ó thionscadal taighde de chuid na hÍsiltíre a fuair ionchur ó shaineolaithe ó na Ballstáit eile.

<sup>27</sup>An Danmhairg, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an tSlóivéin agus an tSualainn.

<sup>28</sup> An Eastóin, an Ghréig, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

<sup>29</sup> An Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, agus an Fhionlainn.

<sup>30</sup> Breithiúnas an 25.7.2018, Cás C-528/16, Confédération paysanne agus Eile (ECLI:EU:C:2018:583).

<sup>31</sup> An Ghearmáin agus an Ísiltír.

<sup>32</sup> An Fhrainc agus an Iodáil.

Foilsíodh na torthaí<sup>33</sup> i mí na Samhna 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Rialála a bunaíodh le Treoir 2001/18/CE i mí na Nollag 2024<sup>34</sup> iad agus faoi bhráid an Choiste Rialála a bunaíodh le Treoir 2009/41/CE i mí Mheán Fómhair 2025<sup>35</sup>.

Roinn an Bheilg a cur chuige maidir lena cleachtais Déan Féin É agus a taithe maidir le ceanglais bhithshábháilteachta a chur i bhfeidhm, e.g. feasacht a shaináithint agus a mhúscailt laistigh de phobal na heolaíochta oscailte maidir le ceanglais rialála a bhaineann le húsáid shrianta MOGManna.

## **7. Forbheathnú ar úsáidí srianta**

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>36</sup> líon fógraí a bhí cobhsaí nó a bhí ag méadú de bheagán maidir le húsáidí srianta MOGManna, i gcomparáid leis an tréimhse thuairisciúcháin roimhe sin.

Mar sin féin, feictear difríochtaí sa líon fógraí le haghaidh aicmí úsáidí srianta i measc na mBallstát tuairiscithe. Go sonrath:

- Dheimhnigh an Bheilg gur aicme 2 atá i bhformhór na n-úsáidí srianta (71 % de na fógraí);
- Thuairiscigh an Ísiltír laghdú ar fhógraí aicme 2 agus aicme 3 agus mhol sí go bhféadfadh an laghdú ar ghníomhaíochtaí aicme 2 a bheith mar thoradh go páirteach ar roinnt córais veicteora víreasaigh a bheith aicmithe anois mar aicme 1 agus gurb amhlaidh atá, b'fhéidir, toisc gur tháinig laghdú ar an líon leasuithe ar ghníomhaíochtaí Aicme 2 ar tugadh fógra ina leith roimhe seo le tuairiscí den sórt sin mar thoradh ar fhógraí raoin feidhme leathain (le tuairiscí níos ginearálta ar chórais veicteora agus ar sheichimh deontóirí);
- Luaigh an Fhrainc laghdú 39 % ar fhógraí aicme 1 agus méadú comhchosúil ar fhógraí aicme 2;
- Thug an Ostair faoi deara méadú ar fhógraí tráchtála aicme 1 ach thug sí dá haire laghdú ar an líon iomlán fógraí;
- Thug an tSlóivéin dá haire aistriú ó fhógraí aicme 1 go fógraí aicme 2 agus méadú ar fhógraí tráchtála;
- Thug an Fhionlainn laghdú beag ar an iomlán faoi deara sa líon fógraí ach thuairiscigh sí líon seasta fógraí tráchtála agus taighde.

Tá níos lú fógraí Aicme 3 ar an iomlán ach tá méadú tagtha orthu i roinnt Ballstát, mar shampla sa Spáinn agus sa Fhrainc, laghdú a bhaineann le taighde den chuid is mó. Thuairiscigh an Ungáir freisin méadú ar úsáidí aicme 3 agus údarú gníomhaíochta amháin d'aicme 4. Ar an taobh eile, thuairiscigh an Iodáil laghdú mór ar fhógraí den sórt sin.

Maidir leis an gcineál gníomhaíochtaí ar tugadh fógra ina leith, tá taighde agus forbairt (T&F) fós i réim in úsáidí srianta, cé go bhfuil gníomhaíochtaí tráchtála ag éirí níos suntasaí i roinnt Ballstát. Mar shampla, thuairiscigh an Bheilg gur bhain 51 % de na fógraí le T&F, 36 % díobh le gníomhaíochtaí tráchtála, agus 13 % díobh le húsáid MOGManna in institiúidí cúraim sláinte. Chuir an tSlóvaic i dtábhacht an méadú atá ag teacht ar úsáid tráchtála atá dírithe ar fheabhas a chur ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol.

---

<sup>33</sup> Tuarascáil Perseus maidir le [Léirmhíniú an tsainmhíne ar OGM i mBallstáit an Aontais](#)

<sup>34</sup> [11 Nollaig 2024, pointe A.03.](#)

<sup>35</sup> [26 Meán Fómhair 2025, pointe A.07](#)

<sup>36</sup> An Bhulgáir, Éire, an Chipir, an Iorua, an tSlóvaic agus an tSualainn.

## **CUID II: TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE IMSCRÚDAITHEACHA INA BHFUIL MOGManna NÓ ATÁ COMHDHÉANTA DÍOBH**

Na rialacha cliniciúla a bhaineann le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh, tagann siad faoin reachtaíocht maidir le rialacha cliniciúla<sup>37</sup> agus an reachtaíocht maidir le OGManna araon, go háirithe Treoracha 2001/18/CE agus 2009/41/CE.

Thuairiscigh na Ballstáit nach raibh aon athrú mór ar mhonarú ná ar riar táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta.

Tá a nósanna imeachta curtha in oiriúint ag roinnt Ballstát chun formheasanna le haghaidh rialacha cliniciúla le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh a chuíchóiriú. Tá treoraíocht náisiúnta tugtha isteach ag an mBeilg agus mar aon le nósanna imeachta simplithe um measúnú agus um fhorfhéas. Tá a rialacháin náisiúnta curtha in oiriúint ag an Ostair maidir le húsáid OGManna chun críoch íocshláinte i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE agus tá an measúnú riosca don chomhshaol simplithe aici trí ghlacadh le foirmeacha iarratais coiteanna. Thuairiscigh an Spáinn agus an tSualainn gur chuir siad Treoir 2001/18/CE i bhfeidhm maidir le táirgí den sórt sin, agus rinne siad céimeanna breise amhail comhairliúchán poiblí a ionchorprú. Leag an Ghearmáin béim ar chomhordú feabhsaithe idir na húdaráis inniúla atá freagrach as rialacha cliniciúla agus iad siúd a dhéanann maoirseacht ar MOGManna. Thug an Fhrainc dá haire, i gcásanna áirithe, i gcás ina bhfuil amhras ann maidir leis an aicmiú nó maidir leis an riosca don chomhshaol, gur féidir leis an údarás inniúil tuairim a lorg ón gCoiste maidir le húsáid shrianta OGManna arna n-óstáil ag an údarás inniúil OGM maidir le húsáid shrianta, is é sin an Aireacht Taighde.

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>38</sup> iarrachtaí leanúnacha chun a gcineálacha cur chuige maidir le táirgí den sórt sin a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe maidir le measúnú a dhéanamh ar chásanna sonracha amhail rialacha baile<sup>39</sup> agus úsáid táirgí bithchógaisíochta lena mbaineann úsáid MOGManna i rialacha cliniciúla.

Chuir an Ghearmáin agus an Iodáil i dtábhacht an gá atá le comhar feabhsaithe idir údaráis náisiúnta agus a gcontrapháirtithe i mBallstáit eile chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le rialacha cliniciúla a dhéanamh agus chun cur i bhfeidhm na gceanglas rialála le haghaidh úsáideoirí ar fud na mBallstát a chuíchóiriú.

Mheas an Bhulgáir agus an Iodáil go gcuirfí feabhas ar inrianaitheacht ar leibhéal an Aontais dá gcoinneofaí taifid dhigiteacha de ghníomhaíochtaí cliniciúla a bhaineann le MOGManna ar bun.

Thuairiscigh an Fhionlainn dúshláin oibríochtúla, lena n-áirítear bacainní teanga agus foirmeacha iarratais coiteanna á n-úsáid aici, toisc go dtagann siad sin salach uaireanta ar na ceanglais teanga sa reachtaíocht náisiúnta, agus saincheisteanna a bhaineann leis na ceanglais is infheidhme maidir le gluaiseacht trasteorann táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh a mhonaraítear lasmuigh den Aontas.

---

<sup>37</sup> Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE, IO L 158, 27.5.2014, lch. 1.

<sup>38</sup> An Danmhairg, an Chróit agus an Fhionlainn.

<sup>39</sup> Táirgí íocshláinte imscrúdaitheach a thabhairt sa bhaile le linn rialach cliniciúla.

### **CUID III: ÚSÁID SRIANTA OGManna NACH MOGManna IAD**

Tá reachtaíocht náisiúnta ag formhór na mBallstát<sup>40</sup> lena rialaítear úsáid shrianta OGManna nach MOGManna iad, i.e. plandaí agus ainmhithe géinmhodhnaithe. Ar an iomlán, i gcás inar ann do reachtaíocht náisiúnta, rinne na Ballstáit a nósanna imeachta a ailíniú den chuid is mó le Treoir 2009/41/CE.

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>41</sup> nach raibh aon deacracht acu ó thaobh na bearta a leagtar amach sa Treoir a chur i bhfeidhm maidir le húsáid shrianta OGManna nach MOGManna iad.

Thuairiscigh roinnt Ballstát deacrachtaí maidir le bearta imshrianta iomchuí a shainaithint, le cinneadh a dhéanamh maidir le stádas OGM orgánach áirithe agus le hidirdhealú a dhéanamh idir scaoileadh d'aon ghnó agus úsáid shrianta i gcásanna áirithe:

- Thug an Ghearmáin dá haire, cé nach mbaineann saincheisteanna móra le saoráidí a oibríonn le hainmhithe nó plandaí géinmhodhnaithe go minic, go dtagann deacrachtaí sonracha chun cinn maidir le srianadh feithidí agus le díghníomhú sábháilte conablach mór ainmhithe a chóireáiltear le MOGManna. Phléigh na húdaráis náisiúnta na saincheisteanna sin agus cuireadh faoi bhráid an choiste náisiúnta ábhartha iad chun treoraíocht a fháil. Ina theannta sin, leag údarás amháin béim ar an éiginnteacht dhlíthiúil a bhaineann leis na bearta imshrianta atá le cur i bhfeidhm maidir le teicnící géanómaíocha nua a mhéid a bhaineann le hainmhithe.
- Thuairiscigh an Spáinn, i gcásanna áirithe, go raibh gá le plé eolaíoch chun a chinneadh an gcomhlíonann orgánaigh áirithe an sainmhíniú ar OGM. Téann an comhlacht comhairleach náisiúnta um bithshábháilteacht i gcomhairle lena shaineolaithe agus cuireann sé an t-údarás inniúil ar an eolas.
- Thuairiscigh an Ísiltír deacrachtaí maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir úsáid shrianta agus scaoileadh d'aon ghnó i gcásanna amhail trialacha ainmhithe ar mhórsála, táirgeadh bithbhreosla trí úsáid a bhaint as MOGManna nó úsáid MOGManna mar bhithbhraiteoirí. Ardaíodh ceisteanna freisin faoi stádas ainmhithe géinmhodhnaithe, nó ainmhithe a nochtadh do MOGManna, tar éis na dturgnamh.
- Thug an tSualainn dá haire, murab ionann agus MOGManna, nach mbraitheann sí ar aicmí srianta réamhshainithe le haghaidh OGManna, agus nach mór údarú aonair a thabhairt do gach saoráid. Cé nach meastar gur dúshlán é, tá athbhreithniú á dhéanamh ag Bord Talmhaíochta na Sualainne ar an gcóras atá ann faoi láthair agus a chomhréirí atá sé leis an riosca iarbhír.
- Thuairiscigh an Fhionlainn feidhmeanna éagsúla teicnící géanómaíocha nua i dtaighde ar ainmhithe, lena mbaineann, go minic, modhuithe gan ADN eachtrach nó ADN le hoidhreacht theoranta a chur isteach, rud a fhágann go mbíonn sé níos casta don údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar stádas OGM agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart feidhm a bheith ag ceanglais imshrianta. Ina theannta sin, tá ceisteanna tagtha chun cinn maidir le suthanna éisc géinathraithe a iompar ó thríú tíortha, go háirithe an bhfuil na rialacháin maidir le hiompar earraí contúirteacha infheidhme maidir leo.

Thuairiscigh roinnt Ballstát<sup>42</sup> go n-éilíonn siad toiliú ó údaráis iomadúla maidir le húsáid shrianta OGManna nach MOGManna iad, nó go mbaineann comhairliúchán le húdaráis

---

<sup>40</sup> An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Íoslainn, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir,

an Ísiltír, an Iorua, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn.

<sup>41</sup> An tSeicia, an Ísiltír agus an Ostair.

<sup>42</sup> An tSlóivéin agus an tSlóvaic.

iomadúla leis an méid sin (an Phortaingéil). Thuairiscigh an Iodáil go bhféadfaidh úsáideoirí, faoi Threoir 2001/18/CE, a iarraidh go deonach ar an údarás inniúil cur i bhfeidhm na mbearta imshrianta a fhíorú, bearta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/41/CE maidir le OGManna nach MOGManna iad.

## CONCLUÍDÍ

Maidir le **cur chun feidhme foriomlán** na Treorach, léirítear sna tuarascálacha náisiúnta gur ghlac na Ballstáit na forálacha agus gur shuigh siad na struchtúir agus na nósanna imeachta chun a áirithiú go ndéanfar na bearta is gá chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh eascairt as úsáid shrianta MOGManna a sheachaint, le feabhsuithe leanúnacha ar éifeachtúlacht riaracháin, ar chlaohlú digiteach agus ar chomhleanúnachas riaracháin. Cé nár tuairiscíodh aon mhórathrú struchtúrach sna córais fógartha agus formheasa, thuairiscigh roinnt Ballstát athchóirithe spriocdhírthe chun próisis a nuachóiriú, a shoiléiriú agus a chuíchóiriú chun oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch atá ag teacht chun cinn.

Mar sin féin, tuairiscíodh **dúshlán oibríochtúla** áirithe, lena n-áirítear ganntanas foirne, srianta ar bhonneagar digiteach, castacht riaracháin agus éiginnteachtaí rialála — go háirithe i réimsí atá ag teacht chun cinn amhail saotharlanna soghluaiste agus táirgí bithchógaisíochta núíosacha.

Níor tháinig aon athrú ar bhainistiú **diúscartha dramhaíola** den chuid is mó, cé gur scrúdaigh roinnt Ballstát modhanna malartacha le haghaidh díghníomhachtú MOGManna mar fhreagairt ar na srianta teicniúla agus airgeadais a bhaineann le huathchlábhú traidisiúnta. Rinne na Ballstáit agus an Coimisiún tuairimí a mhalartú maidir le cleachtais i ndáil leis an tsaincheist sin ag cruinniú an Choiste Rialála maidir le Treoir 2009/41/CE an 20 Meán Fómhair 2023<sup>43</sup> agus an 26 Meán Fómhair 2025<sup>44</sup>.

Leanadh de ghníomhaíochtaí **cigireachta agus forfheidhmiúcháin** mar a rinneadh i dtréimhsí tuairisciúcháin roimhe seo. Ar an iomlán, is cosúil go gcoinníonn na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach ar bun. Go ginearálta, níor léirigh cigireachtaí ach mioneasnaimh riaracháin nó easnaimh nós imeachta ar tugadh aghaidh orthu go pras chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol a chosc. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar mhinicíocht na gcigireachtaí, go sealadach, ach tá tús curtha arís le gnáthnósanna imeachta ó shin i leith.

Níor tuairiscíodh aon **tionóisc**, mar a shainmhínítear sa Treoir, le linn na tréimhse tuairisciúcháin, rud a thugann le fios go ndearnadh ardleibhéal maoirseachta ar imshrianadh agus ar bhithshábháilteacht.

Níor tháinig aon athrú den chuid is mó ar chleachtais **faisnéise agus comhairliúcháin phoiblí** agus is iondúil go mbíonn leibhéal ísle rannpháirtíochta poiblí mar thoradh orthu.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, mhalartaigh na Ballstáit faisnéis faoina mbearta náisiúnta agus faoina ndea-chleachtais maidir le saincheistanna éagsúla eile a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceanglas bithshábháilteachta a leagtar amach sa Treoir i gcomhthéacs chruinnithe an Choiste Rialála. Bhain na malartuithe sin le taithí ar an leibhéal náisiúnta ar fheasacht a shainaithe agus a mhúscailt laistigh de phobal na heolaíochta oscailte maidir le ceanglais rialála a bhaineann le húsáid shrianta MOGManna<sup>45</sup>, treoirlínte náisiúnta i ndáil le measúnú a

<sup>43</sup> [20 Meán Fómhair 2023, pointe A.01.](#)

<sup>44</sup> [26 Meán Fómhair 2025, pointe A.02.](#)

<sup>45</sup> [20 Meán Fómhair 2023, pointe A.02.](#)

dhéanamh ar ghéinte marcóra frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach i bhfeidhmeanna úsáide srianta agus gníomhaíochtaí úsáideoirí ar mhaithe le deireadh a chur de réir a chéile leis na géinte sin<sup>46</sup>. In 2025, phléigh an Coiste Rialála roinnt saincheisteanna a d'ardaigh na Ballstáit le linn na tréimhse tuairisciúcháin. Ina measc siúd bhí iniúchadh a dhéanamh ar shaoráidí ardsrianta, MOGManna a iompar, bainistiú diúscartha dramhaíola, agus an tsláinte agus an comhshaol a chosc agus a chosaint i ndáil le teicnící nua bith-theicneolaíoch<sup>47</sup>.

Tá dúshlán áirithe fós ag baint le **léirmhíniú na Treorach** le haghaidh roinnt Ballstát, dúshlán atá nasctha, mar shampla, le haicmiú orgánach áirithe agus feidhmeanna áirithe. Déantar saincheisteanna ginearálta a bhaineann le léirmhíniú an tsainmhínithe ar OGM a phlé go tráthrialta i gcrúinnithe an Choiste Rialála a bunaíodh le Treoir 2001/18/CE. Saincheisteanna a bhaineann go sonrach le léirmhíniú an tsainmhínithe ar MOGM agus na bearta sábháilteachta iomchuí faoi úsáid shrianta MOGManna (e.g., i gcás baictéarafagach), tá roinnt de na saincheisteanna sin pléite ag crúinnithe an Choiste Rialála a bunaíodh le Treoir 2009/41/CE le linn na tréimhse tuairiscithe<sup>48</sup> agus an 26 Meán Fómhair 2025<sup>49</sup>.

Thuiriscigh Ballstát amháin go bhfuil éiginnteacht inmheánach fós ann maidir le hinfeidhmeacht rialú na Cúirte Breithiúnais ó 2018 i dtaca leis an díolúine maidir le só-ghineas i dTreoir 2001/18/CE maidir le húsáid shrianta MOGManna faoi Threoir 2009/41/CE. I ndáil leis sin, tagraíonn an Coimisiún do na soiléirithe a soláthraíodh ina thuarascálacha 2014-2018<sup>50</sup> agus 2019-2021<sup>51</sup>.

Maidir leis an **líon tuairiscithe fógraí** faoi úsáidí srianta, is cosúil go bhfuil sé cobhsaí nó go bhfuil sé ag méadú de bheagán, agus go bhfuil gníomhaíochtaí aicme 1 agus aicme 2 i réim. Tá feidhmeanna tráchtála ag éirí níos ábhartha in éineacht le taighde agus oideachas, agus is minice anois go ndéantar fógraí a bhainistiú trí chórais dhigiteacha.

I réimse na **dtáirge íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh**, thuiriscigh formhór na mBallstát nach raibh aon fhorbairt mhór ann. Chuir roinnt Ballstát i dtábhacht arís castacht na nósanna imeachta um údarú faoi chreataí rialála éagsúla le haghaidh táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh i.e. faoin reachtaíocht OGM agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 maidir le trialacha cliniciúla, agus difríochtaí i gcineálacha cur chuige na mBallstát a mhéid a bhaineann leis an measúnú riosca comhshaoil ar thrialacha cliniciúla le táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil MOGManna nó atá comhdhéanta díobh. Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil gá le treoraíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais, rianú digiteach feabhsaithe ar thrialacha cliniciúla agus rialacha níos soiléire maidir le gluaiseacht trasteorann MOGManna.

I ndáil leis an méid sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ghlac an Coimisiún, an 26 Aibreán 2023, tograí le haghaidh Rialachán agus Treoir maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht chógaisíochta<sup>52</sup>, lena ndéantar athbhreithniú ar na ceanglais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine. Is é is aidhm do leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas údaraithe le haghaidh trialacha cliniciúla lena mbaineann táirgí íocshláinte imscrúdaitheacha ina bhfuil OGManna nó atá comhdhéanta díobh, rud a fhágann go mbeidh údarú aonfhoirmeach ar fáil faoin Rialachán sin. Moltar nós imeachta láraithe nua chun measúnuithe riosca comhshaoil a dhéanamh mar chuid

<sup>46</sup> [20 Meán Fómhair 2023, pointe A.03.](#)

<sup>47</sup> [26 Meán Fómhair 2025, pointí A.03 go A.07](#)

<sup>48</sup> [20 Meán Fómhair 2023, pointe A.04.](#)

<sup>49</sup> [26 Meán Fómhair 2025, pointe A.05](#)

<sup>50</sup> COM(2021) 266 final

<sup>51</sup> COM(2023) 75 final

<sup>52</sup> COM (2023) 192 final agus COM(2023) 193 final.

de na húdaruithe trialacha cliniúla sin, lena bhféachtar le deireadh a chur le ceanglais náisiúnta ilroinnte agus feabhas a chur ar chreat na dtrialacha cliniúla le haghaidh cógais OGM ar fud an Aontais. Tá an gnáthnós imeachta reachtach maidir leis na tograí reachtacha sin ar siúl faoi láthair.

Maidir le húsáid shrianta **OGManna nach MOGManna iad** — i.e. plandaí agus ainmhithe géinmhodhnaithe — tá an chuid is mó de na creataí náisiúnta ailínithe le Treoir 2009/41/CE. Níor tuairiscíodh aon saincheist mhór i bhformhór na gcásanna ach mar sin féin, bhí dúshlán áirithe ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear bearta imshrianta iomchuí a shainnithint, iompar trasteorann a bhainistiú, agus measúnú riosca comhsheasmhach a áirithiú.